RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/71 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Eanáir 2022

formheas a dhéanamh ar leasuithe nach mionleasuithe iad ar an tsonraíocht le haghaidh ainm a iontráladh i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht ("Ziegen-Heumilch"/"Goat's Haymilk"/ "Latte fieno di capra"/"Lait de foin de chèvre"/"Leche de heno de cabra" (STR))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 53(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, scrúdaigh an Coimisiún iarratas ar fhormheas leasuithe ar an tsonraíocht don sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht "Ziegen-Heumilch"/"Goat's Haymilk"/"Latte fieno di capra"/"Lait de foin de chèvre"/"Leche de heno de cabra", arna chlárú faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/487 ón gCoimisiún ([2]). San áireamh sa leasú seo tá athrú ar an ainm "Ziegen-Heumilch"/ "Goat's Haymilk"/"Latte fieno di capra"/"Lait de foin de chèvre"/"Leche de heno de cabra" go "Ziegen-Heumilch"/ "Goat's Haymilk"/"Latte fieno di capra"/"Lait de foin de chèvre"/"Leche de heno de cabra"/"Kozje seneno mleko".

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(b) den Rialachán sin.

(3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Ziegen-Heumilch"/"Goat's Haymilk"/"Latte fieno di capra"/"Lait de foin de chèvre"/"Leche de heno de cabra" (STR), is leasú é atá formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/487 ón gCoimisiún an 19 Márta 2019 lena n-iontráiltear ainm i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht "Ziegen-Heumilch"/"Goat's Haymilk"/"Latte fieno di capra"/"Lait de foin de chèvre"/"Leche de heno de cabra" (STR) (IO L 84, 26.3.2019, lch. 3).
([3]) IO C 396, 30.9.2021, lch. 22.